CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

# Ráiteas Cosanta Sonraí – Ginearálta

## An chaoi a ndéanaimid sonraí pearsanta a phróiseáil nuair a bhímid ag obair ar iniúchtaí, athbhreithnithe agus tuairimí

Ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (**an Chúirt Iniúchóirí**), bailímid sonraí mar chuid dár ndualgas gairmiúil, go príomha mar fhianaise dár n-iniúchtaí agus mar ábhar dár n-athbhreithnithe agus dár dtuairimí (ár **dtascanna gairmiúla**). Bíonn faisnéis phearsanta i gcuid de na sonraí sin. Tá freagracht orainn aire a thabhairt don fhaisnéis sin. Tá an fhreagracht sin bunaithe ar an reachtaíocht is infheidhme agus ar na caighdeáin ghairmiúla a leanaimid mar uasfhoras iniúchóireachta, ach tá sí bunaithe chomh maith ar ár gcuid rialacha inmheánacha féin. **Táimid an-dáiríre faoin bhfreagracht sin.**

Is é Rialachán (AE) 2018/1725[1] an 23 Deireadh Fómhair 2018 (ar a dtugtar '**EUDPR**') an creat dlíthiúil atá ann chun sonraí pearsanta a **phróiseáil**[2].

Sa ráiteas cosanta sonraí seo, déanaimid cur síos ar an gcaoi a ndéanaimid sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint mar chuid dár gcuid oibre, go háirithe maidir le (i) sonraí agus faisnéis a iarraidh agus a bhailiú; (ii) anailís a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis atá bailithe againn; agus (ii) tuairisciú ar thorthaí ár gcuid oibre.

# Cé atá freagrach as do chuid sonraí a láimhseáil?

Is í an Chúirt Iniúchóirí an **rialaitheoir**[3] le haghaidh oibríochtaí próiseála. Tá an fhreagracht dár gcuid oibre tarmligthe chuig ár seomraí iniúchóireachta, arb iad sin a phleanálann na tascanna, a dhéanann na

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 (**EUDPR**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

[2] Airteagal 3(3) de EUDPR: ciallaíonn '**próiseáil**' aon oibríocht nó aon tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú.

[3] Airteagal 3(8) de EUDPR: ciallaíonn '**rialaitheoir**' an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais nó an ard-stiúrthóireacht nó aon eintiteas eagraíochtúil eile a chinneann, ina haonar nó ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna [na próiseála] sin le gníomh sonrach de chuid an Aontais, is féidir foráil a dhéanamh maidir le rialaitheoir nó maidir leis na critéir shonracha d'ainmniú rialaitheora le dlí an Aontais.

tascanna, agus a fhormheasann an tuairisciú ar na torthaí. Breathnaítear ar na seomraí iniúchóireachta mar 'eintiteas eagraíochtúil' de réir bhrí Airteagal 3(8) de EUDPR (féach fonóta 3).

# Céard iad na rialacha a rialaíonn úsáid do chuid sonraí pearsanta?

Is iad na bunúis dlí d'oibríochtaí próiseála ná:

- Airteagal 5(a) de EUDPR: Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun tasc a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil. Tá tuairisc ar ár gcumhachtaí in **Iarscríbhinn 1** atá ag gabháil leis an ráiteas cosanta sonraí seo. Le haghaidh tuilleadh mionsonraí, féach an roinn anseo thíos dar teideal '**An ceart rochtana ar fhaisnéis atá ag an gCúirt Iniúchóirí**'.
- Airteagal 5(d) de EUDPR: I bhformhór na gcásanna, is é an bunús dlí is infheidhme ná gur gá tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nó chun an t-údarás oifigiúil atá dílsithe dúinne a fheidhmiú. Dá réir sin, tá sé éigeantach freastal ar chruinnithe agus faisnéis a sholáthar dúinn. **Fágann sé sin nach féidir le hiniúchaithe agus tairbhithe de chistí ón Aontas agóid a dhéanamh in aghaidh aon iarraidh ar fhaisnéis a dhéanaimid trína agairt go bhfuil ábhar imní ann atá bunaithe ar phríobháideachas agus cosaint sonraí.**

  Maidir le toiliú mar bhunús dlí, níl sé sin infheidhme ach amháin sa chás gur ar bhonn deonach a fhreastalaíonn tú ar chruinniú nó a thugann tú faisnéis dúinn[4]. Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar am ar bith trí dhul i dteagmháil leis an duine den fhoireann iniúchóireachta lena bhfuil tú i dteagmháil nó trí ríomhphost a sheoladh chuig eca-info@eca.europa.eu.

## An ceart rochtana ar fhaisnéis atá ag an gCúirt Iniúchóirí

Gníomhaímid laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar dúinn leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (**CAE**) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (**CFAE**). Mar chomhlánú ar dhlíthe príomha sin an Aontais, tá dlíthe tánaisteacha de chuid an Aontais ann (e.g. rialacháin agus treoracha). Le haghaidh tuilleadh eolais, féach **Iarscríbhinn 1**.

Sonraítear in Airteagal 287(3) CFAE go bhfuil ár n-iniúchóireacht bunaithe ar thaifid, agus go gcaithfear **aon doiciméad nó faisnéis atá ag teastáil chun ár dtascanna a dhéanamh a chur ar fáil dúinn**. Tá ár gceart rochtana ar dhoiciméid clúdaithe freisin ag Airteagal 208(5) den Rialachán Airgeadais, ina sonraítear, le linn dúinn ár gcuid tascanna a dhéanamh, go bhfuil **ceart ar rochtain iomlán ar fhaisnéis ar bith againn** a

[4] Sa chás gurb é an toiliú an bunús dlí, ba cheart don rialaitheoir na sonraí a scriosadh má dhéanann an duine aonair an toiliú don phróiseáil a tharraingt siar agus mura bhfuil aon fhoras dlí eile ann don phróiseáil. Má tá do chuid sonraí fós ag teastáil, áfach, mar shampla mar chuid den fhianaise iniúchóireachta, ní ghlacfar le d'iarraidh ar thoiliú a tharraingt siar, de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 2(1)(a) de Chinneadh Uimh. 42-2021 an 20 Bealtaine 2021 lena nglactar rialacha inmheánacha i dtaca le srianta ar chearta áirithe atá ag ábhair sonraí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí a dhéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ina ndeirtear: 'Srianta – 1. I gcomhréir le hAirteagal 25(1) den Rialachán, féadfaidh an Chúirt, de réir an cháis, Airteagail 14 go 20, 35 agus 36, chomh maith le hAirteagal 4 den Rialachán sin sa mhéid is go bhfuil forálacha an airteagail sin ag freagairt do na cearta agus oibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20, a chur i bhfeidhm nuair: (a) a dhéanann sí iniúchtaí, ar bhonn Airteagal 287 CFAE. Féadfaidh srianta ábhartha a bheith bunaithe ar Airteagal 25(1)(c),(g),(h) den Rialachán.'

bhaineann le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais, lena n-áirítear trí bhíthin seiceálacha ar an láthair.

Go hachomair, tugann na forálacha sin – mar aon le forálacha eile (féach **Iarscríbhinn 1**) – ceart rochtana dúinn ar aon doiciméad nó faisnéis a mheasaimid atá riachtanach dúinn chun ár gcuid oibre a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, bímid ag idirghníomhú lenár n-iniúchaithe (lena n-áirítear tairbhithe de chistí ón Aontas) agus le páirtithe eile, de réir mar is iomchuí. Fágann sé sin go mbíonn orainn sonraí pearsanta na bpáirtithe lena mbaineann a phróiseáil (féach an roinn dar teideal '**Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálaimid?**'). D'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith freisin sna doiciméid nó san fhaisnéis a bhailímid mar chuid dár gcuid oibre.

# Na foinsí éagsúla sonraí pearsanta atá ann

D'fhéadfaimis faisnéis phearsanta fútsa a fháil go díreach uait féin nó go hindíreach ó chomhlacht eile, amhail (i) an eagraíocht faoi iniúchóireacht nó a suíomh gréasáin oifigiúil; (ii) aon cheann de bhunachair sonraí an Aontais; (iii) tairbhí de chistí ón Aontas; (iv) údarás náisiúnta (go díreach ón údarás féin nó go hindíreach trí shuíomh gréasáin oifigiúil); (v) eintitis phríobháideacha ar tairbhithe de dheontas nó iasacht ón Aontas iad; agus (vi) eagraíochtaí idirnáisiúnta.

## Sonraí pearsanta a fhaightear go díreach uaitse i do cháil mar an páirtí nó duine aonair a bhfuil baint dhíreach agat le hábhar ('sonraí pearsanta a bhailiú')

Ní nós imeachta le hainmneacha ceilte atá i mbailiú faisnéise dár gcuid oibre. Nuair a dhéanaimid cruinnithe a thionól, ceistneoirí a chur amach nó faisnéis a iarraidh go díreach, bíonn an fhaisnéis a bhailímid nasctha le duine aonair amháin nó níos mó sa chás gur faisnéis phearsanta í atá bailithe againn sa chomhthéacs seo.

## Sonraí pearsanta a fhaightear ó iniúchaí nó ó pháirtí eile lena mbaineann ('sonraí pearsanta a fháil')

Go leor de na sonraí pearsanta a fhaighimid is amhlaidh gur rialaitheoir eile (e.g. institiúid de chuid an Aontais, Ballstát nó údarás náisiúnta) a chuireann ar fáil iad nuair a iarraimid é sin mar chuid dár gcuid oibre. Beidh na sonraí sin próiseáilte cheana féin ar chúinse éigin eile i gcomhréir le EUDPR ag na rialaitheoirí sin (e.g. mar gheall ar chaidreamh fostaíochta, nó mar go bhfuil sonraí pearsanta bailithe ag an institiúid nó comhlacht le haghaidh clár ar leith nuair a bhíonn caiteachas ón Aontas nó beartas dá bhfuil siad freagrach á gcur chun feidhme acu).

# Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálaimid?

I measc na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid, tá siad seo a leanas:

- **mionsonraí céannachta** (amhail céadainm agus sloinne, eagraíocht, ionad sa phost, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin), chomh maith le síniúcháin ar liostaí tinrimh nuair a bhíonn cruinnithe duine le duine ann;

- **ionchuir/freagraí ar cheisteanna**, má tá sonraí pearsanta iontu nó má tá siad nasctha le duine. D'fhéadfadh sé gur duine atá ansin a thugann faisnéis mar thairbhí nó mar ionadaí ar thairbhí, mar eintiteas faoi iniúchóireacht nó faoi athbhreithniú, nó mar chomhlacht a bhfuilimid i ndáil chomhairle leis mar chuid dár gcuid oibre;
- **sonraí pearsanta a bhíonn san fhaisnéis/sna doiciméid** a bhíonn tugtha dúinn ag tairbhí nó ag iniúchaí eile.

# Cén fáth a mbailímid do chuid sonraí?

## Príomhchuspóir na próiseála

Déanaimid sonraí pearsanta a phróiseáil/a choimeád le linn ár gcuid oibre le haghaidh na gcuspóirí seo a leanas:

- teagmháil a dhéanamh le daoine;
- faisnéis nó sonraí a bhailiú;
- cruinnithe a eagrú agus a thionól;
- taifead a choimeád de na daoine a bhí i láthair ag cruinniú, agus/nó liosta a choimeád de na daoine a thug faisnéis dúinn faoi thasc;
- measúnú/anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá faighte againn i gcomhréir lenár sainordú; agus
- torthaí ár gcuid oibre a thuairisciú agus a chraobhscaoileadh.

Tá oibleagáid ghairmiúil orainn an fhaisnéis sin a choimeád mar fhianaise ar ár gcuid oibre, agus an fhianaise sin a choimeád ar feadh roinnt blianta tar éis don tasc a bheith tugtha chun críche (féach anseo thíos).

## Cartlannú

I gcomhréir le Rialachán Uimh. 354/83 ón gComhairle, arna leasú, agus le Cinneadh 78-2007 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Bainistiú Cartlainne, déantar doiciméid a bhfuil luach marthanach riaracháin agus/nó stairiúil ag roinnt leo a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal aon uair is féidir. Déantar an **chartlann stairiúil** a oscailt don phobal i ndiaidh tréimhse 30 bliain, ag tosú ar an dáta a cruthaíodh an doiciméad.

Má roghnaítear doiciméad a cruthaíodh i gcomhthéacs na hoibre chun é a chaomhnú go fadtéarmach mar gheall ar a luach marthanach riaracháin agus/nó stairiúil, déanfar é a aistriú go dtínár gcartlann stairiúil ag deireadh na tréimhse coinneála atá sonraithe sa roinn dar teideal '**Cá fhad a choimeádaimid do shonraí?**'. Tá coimircí iomchuí i bhfeidhm don phróiseas roghnúcháin agus cartlannaíochta[5].

---

[5] Tá coimircí iomchuí i bhfeidhm don phróiseas roghnúcháin agus cartlannaíochta, lena n-áirítear go gcomhlíontar prionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Mar shampla, sula seoltar doiciméid go dtí an chartlann stairiúil, seiceáiltear ar dtús iad agus baintear na sonraí pearsanta amach astu i gcomhréir leis an sceideal coinneála atá ag an gCúirt Iniúchóirí agus is infheidhme maidir le gach cineál doiciméid, próisis agus córais faisnéise atá á gcothabháil ag Seirbhís Cartlainne na Cúirte Iniúchóirí. Bíonn ar an tSeirbhís Cartlainne athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid chun aon sonraí pearsanta atá iontu a scriosadh nó a chur in ainm bréige, le haird chuí ar phrionsabal na comhréireachta, sula seoltar na doiciméid go dtí an chartlann stairiúil. Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le do thoil leis an tSeirbhís Cartlainne ag: eca-archives@eca.europa.eu. Tá cartlann stairiúil na Cúirte Iniúchóirí taiscthe ag Cartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh (HAEU) atá coinnithe san Institiúid Ollscoile Eorpach – arb í sin an próiseálaí don Chúirt Iniúchóirí – i bhFlórans na hIodáile.

# Cá fhad a choimeádaimid do shonraí?

An doiciméadacht fianaise atá mar thaca le tasc, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhailítear ina leith sin, coinnítear í ar feadh seacht mbliana i ndiaidh fhoilsiú tuarascála, i gcomhréir le hAirteagal 75 den Rialachán Airgeadais[6].

I gcásanna áirithe, d'fhéadfaimis sonraí pearsanta a fháil ó eagraíocht faoi iniúchadh nó ó pháirtí leasmhar eile, ar sonraí iad atá riachtanach chun an tasc a dhéanamh ach nach gá go mbeidís riachtanach d'urscaoileadh buiséadach, don rialú agus do dhéanamh na hoibre. Sa chás go mbíonn sonraí pearsanta i ndoiciméid tacaíochta agus nach bhfuil siad sin ag teastáil le haghaidh urscaoileadh buiséadach agus le haghaidh na hiniúchóireachta, scriosaimid na sonraí sin a thúisce a bhíonn an tasc críochnaithe. Chomh maith leis sin, sa chás go ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil bunaithe ar thoiliú a thugann duine, déantar an tréimhse choinneála seacht mbliana a ghiorrú aon uair is féidir.

# Cé hiad na daoine a bhfuil rochtain ar do chuid sonraí acu agus cé hiad na daoine a nochtfar do chuid sonraí dóibh?

Tá rochtain ar do chuid sonraí pearsanta teorannaithe go docht go dtí daoine den fhoireann a gcaithfidh na sonraí sin a bheith acu chun a gcuid oibre a dhéanamh.

Le haghaidh fhormhór na dtascanna a dhéanaimid, níl aon chall sonraí pearsanta a chomhroinnt le haon fhaighteoir eile. Mar sin féin, i gcásanna áirithe agus in imthosca sonracha, d'fhéadfadh sé go roinnfí cuid de na sonraí le rialaitheoirí eile – nuair a bhíonn sé sin bunriachtanach agus comhréireach. I measc na gcásanna eile, d'fhéadfadh sé sin tarlú nuair:

- a dhéantar liosta de na daoine a bhí ag cruinniú a roinnt leis an eagraíocht a bhfuil baint le hábhar aici;
- más rud é, i gcomhthéacs taisc, go bhfuil tú ag freagairt thar ceann d'eagraíochta (mar gheall ar do nasc nó gaolmhaireacht leis an iniúchaí nó mar gheall ar chomhfhreagras faoin obair idir tú féin agus an t-iniúchaí).

---

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire go scriostar an fhianaise iniúchóireachta seacht mbliana i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála iniúchóireachta, agus gurb iad na doiciméid a choinnítear ná na doiciméid sin a bhfuil luach marthanach riaracháin agus/nó stairiúil ag roinnt leo. Is éard atá sna doiciméid sin ná: sceidil agus cláir don iniúchadh, litreacha ina dtugtar fógra, tuarascálacha, litreacha imréitigh, freagraí ar litreacha imréitigh agus anailísí ar na freagraí, agus seicliostaí don rialú cáilíochta.

[6] Sonraítear an méid a leanas in Airteagal 75 den Rialachán Airgeadais: 'Doiciméid tacaíochta a choinneáil ag oifigigh údarúcháin – Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin córais pháipéarbhunaithe nó leictreonacha ar bun chun doiciméid tacaíochta bhunaidh a choinneáil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid. Coinneofar na doiciméid sin go ceann **5 bliana** ar a laghad ón dáta a dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don bhliain airgeadais lena mbaineann na doiciméid. Gan dochar don chéad fhomhír, déanfar doiciméid a bhaineann le hoibríochtaí a choinneáil ar aon chaoi, is é sin, go deireadh na bliana tar éis na bliana inar dúnadh na hoibríochtaí sin go críochnaitheach. Déanfar sonraí pearsanta i ndoiciméid tacaíochta a scriosadh, i gcás inar féidir, murar gá na sonraí chun críocha urscaoilte agus rialaithe bhuiséadaigh agus iniúchóireachta buiséadaí. (…)'. Ós rud é go ndeonaíonn Parlaimint na hEorpa urscaoileadh do bhliain airgeadais -2 (e.g. in 2022 don bhliain 2020), tá riail choinneála de sheacht mbliana ó chríochnú taisc glactha ag an gCúirt Iniúchóirí.

I gcás ina bhfuil córas sonrach ann chun cosaint a thabhairt don té is ábhar do na sonraí (e.g. rialacha maidir le sceithireacht), déanfar do chuid sonraí pearsanta a chosaint dá réir.

Féadtar sonraí pearsanta a roinnt leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus leis na cúirteanna náisiúnta mar chuid d'imscrúdú riaracháin nó coiriúil, nó sa chás go bhfuil ionchúiseamh á dhéanamh. Féadtar iad a roinnt freisin leis an bhforas iniúchóireachta náisiúnta lena mbaineann.

I gcúinse ar bith eile, má roinnimid do chuid sonraí pearsanta le faighteoir cuirfimid an méid sin in iúl duit roimh ré.

Má thaisceann tú gearán, d'fhéadfadh sé go gcuirfí do chuid sonraí pearsanta ar aghaidh chuig an Ombudsman Eorpach agus/nó chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (**MECS**) agus/nó chuig ár nOifigeach Cosanta Sonraí (**DPO**).

# Na bearta slándála atá againn chun sonraí a choimirciú

Stóráiltear tacair sonraí go sábháilte inár lárionad sonraí i Lucsamburg, agus tá siad clúdaithe leis an iliomad beart atá déanta chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht shócmhainní leictreonacha na hinstitiúide a chosaint.

Tá freagracht fhoriomlán ar Ardrúnaí na Cúirte Iniúchóirí as na rialacha maidir le cearta rochtana a chur chun feidhme agus as na rialacha maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ach tá freagracht sna réimsí sin tarmligthe ag an Ardrúnaí chuig eintitis éagsúla. Tá beartas slándála faisnéise againn, chomh maith le hOifigeach Slándála Faisnéise a chinntíonn go bhfuil an beartas á chur i bhfeidhm i gceart againn.

Tá bearta ginearálta teicniúla agus eagraíochtúla curtha chun feidhme againn, ar bearta iad sin atá dírithe isteach ar shlándáil TF, ar bhainistiú sócmhainní TF, ar shlándáil fhisiciúil, ar shlándáil oibríochtaí, ar shlándáil cumarsáide, ar bhainistiú teagmhas sa tslándáil faisnéise agus ar nósanna imeachta i gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta. Sa bhreis air sin, tá bearta sonracha teicniúla agus eagraíochtúla curtha chun feidhme againn don uair a bhíonn tasc á dhéanamh againn, ar nós:

- uirlisí cuí-údaraithe atá deartha go speisialta agus/nó roghnaithe go speisialta do na foirne iniúchóireachta;
- treoirleabhair le haghaidh úsáid na n-uirlisí (e.g. an treoirleabhar ar a dtugtar 'ECAfiles');
- bearta slándála chun sonraí a bhailiú, a aistriú agus a úsáid;
- treoirlínte faoin gcaoi le faisnéis nach bhfuil rúnaicmithe mar 'rúnaicmithe AE' a aicmiú agus a láimhseáil; agus
- treoirlínte d'iniúchóirí ó thaobh faisnéis íogair a bhainistiú.

# Cad iad na cearta atá agat agus conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn?

Tá do chearta i leith sonraí pearsanta leagtha amach in Airteagail 17 go 24 de EUDPR. Tá tuilleadh mionsonraí faoi do chuid cearta le fáil sa doiciméad seo. Go hachomair:

- tá an ceart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus iad a fháil ceartaithe má tá siad míchruinn nó neamhiomlán;
- i gcúinsí áirithe (e.g. mura bhfuil na sonraí riachtanach a thuilleadh don chuspóir a bhí ann lena mbailiú nó a phróiseáil, nó má tharraingíonn tú siar an toiliú a thug tú don phróiseáil), tá an ceart agat a iarraidh orainn do chuid sonraí pearsanta a scriosadh;
- tá an ceart agat freisin srian a chur leis an bpróiseáil i gcúinsí áirithe (e.g. nuair nach bhfuil do chuid sonraí pearsanta riachtanach dúinne a thuilleadh, agus go bhfuil siad ag teastáil uaitse chun éilimh dhlíthiúla a ullmhú, a theachtadh nó a chosaint);
- i gcás inarb infheidhme, tá an ceart agat agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil do chuid sonraí pearsanta ar chúiseanna a bhaineann leis an staid ina bhfuil tú, agus tá an ceart agat iad sin a fháil aistrithe go dtí rialaitheoir eile;
- i gcás ina bhfuil próiseáil do chuid sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú a thug tú, is féidir leat an toiliú sin a tharraingt siar am ar bith, agus ina dhiaidh sin déanfar do chuid sonraí pearsanta a bhaint go buan – gan aon mhoill mhíchuí – as ár gcuid taifead agus cuirfear in iúl duit go bhfuil sé sin déanta, mura rud é go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil/chonarthach ann a chuireann bac ar scriosadh den sórt sin.

Breithneoimid d'iarraidh agus déanfaimid cinneadh, agus cuirfimid fógra chugat gan aon mhoill mhíchuí agus in aon chás laistigh d'aon mhí amháin ón uair a fuaireamar an iarraidh uait. Féadtar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí eile nuair is gá (bunaithe ar chastacht agus líon na n-iarrataí).

Is féidir leat do chearta a theachtadh trí dhul i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí ag: eca-info@eca.europa.eu. Féadfaidh tú dul i dteagmháil lenár DPO (eca-data-protection@eca.europa.eu) má bhíonn aon ábhar imní nó aon ghearán agat faoi phróiseáil do chuid sonraí pearsanta[7]. Tá an ceart agat gearán faoi phróiseáil do chuid sonraí pearsanta a thaisceadh le MECS (edps@edps.europa.eu)[8].

---

[7] In Airteagal 7(3) de Chinneadh Uimh. 40-2021 lena nglactar rialacha cur chun feidhme i dtaca leis an Oifigeach Cosanta Sonraí de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, deirtear: 'Comhairliúchán agus gearáin – (3) Aon duine a bhfuil ceisteanna nó gearáin acu i dtaca le cosaint sonraí ag an gCúirt, ba cheart dóibh ar an gcéad ásc iad sin a dhíriú chuig an DPO, gan dochar don cheart atá acu dul i dteagmháil go díreach le MECS. Féadfaidh an DPO imscrúdú ar cheist nó gearán den sórt sin a sheoladh, faoi mar a bhfuil tuairisc air in Airteagal 8 den Chinneadh seo.'

[8] Airteagal 63 de EUDPR – An ceart chun gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí – '1. Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach ábhar sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann an t-ábhar sonraí go sáraíonn an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi an Rialachán seo.'

# Ráitis cosanta sonraí breise le haghaidh cruinnithe cianda

| | |
|---|---|
| **Nuair a bhíonn tú ag freastal ar chruinnithe go cianda nó nuair a iarrann tú seirbhísí ateangaireachta, tá feidhm ag ráitis cosanta sonraí breise, ag brath ar an tríú páirtí ('próiseálaí sonraí') a bhíonn in úsáid:** | |
| (a) | **Cruinnithe cianda** ag úsáid Microsoft Teams:<br>- Léigh an ráiteas cosanta sonraí ar leith atá ann do Thimpeallacht M365 sa Chúirt Iniúchóirí.<br>- Ní dhéantar an fotha físe le haghaidh cruinnithe cianda a thaifeadadh, mura rud é go bhfuil toiliú sainráite go ndéanfaí amhlaidh tugtha ag gach duine atá ag an gcruinniú.<br>- Tá deimhin déanta againn de go bhfuil próiseáil do chuid sonraí pearsanta ag Microsoft teoranta don leibhéal a bhfuil géarghá leis chun an tseirbhís físchomhdhála a sholáthar. |
| (b) | **Cruinnithe cianda** ag úsáid Microsoft Teams agus Interactio: Nuair a bhíonn cruinnithe á dtionól go cianda, d'fhéadfadh sé go dtogródh an fhoireann iniúchóireachta (ag brath ar na riachtanais teanga agus cumarsáide atá ann don tasc) úsáid a bhaint as na seirbhísí ateangaireachta atá á gcur ar fáil ag Interactio.<br>- Más amhlaidh an cás, sa bhreis ar an ráiteas cosanta sonraí ar leith atá ann do Thimpeallacht M365 sa Chúirt Iniúchóirí, iarrtar ort an ráiteas cosanta sonraí ar leith atá ann do Interactio a léamh.<br>- Tá deimhin déanta againn de go bhfuil próiseáil do chuid sonraí pearsanta ag Interactio teoranta don leibhéal a bhfuil géarghá leis chun an tseirbhís ateangaireachta a sholáthar. |

# IARSCRÍBHINN 1

## Rialacha Eorpacha a shainíonn cumhachtaí na Cúirte Iniúchóirí

| Dlí príomha an Aontais Eorpaigh |
| --- |
| An Conradh ar an Aontas Eorpach (**CAE**) |
| **Airteagal 13(2) CAE**: Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus faoi na coinníollacha agus chun na gcríoch atá leagtha amach iontu. Cleachtfaidh na hinstitiúidí comhar dílis eatarthu féin. |
| An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh **(CFAE)** |
| **Airteagal 285**: Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí iniúchóireacht ar chuntais an Aontais. Beidh sí comhdhéanta de náisiúnach amháin as gach Ballstát. Beidh a comhaltaí, chun leas ginearálta an Aontais, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna. |
| **Airteagal 286**:<br>1. Roghnófar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí as measc daoine a bhaineann nó a bhain ina Stáit faoi seach le comhlachtaí seachtracha iniúchóireachta nó a bhfuil cáilíocht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.<br>2. Ceapfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí go ceann téarma sé bliana. Glacfaidh an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, liosta na gcomhaltaí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát. Féadfar téarma oifige chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athnuachan.<br>Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.<br>3. I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí teagaisc ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena bhfeidhmeanna.<br>4. Ní cead do chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.<br>5. Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí, nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Chúirt Iniúchóirí ar é d'éirí as oifig, nó ar é a scor go héigeantach de bhíthin rialú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 6.<br>Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta.<br>Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach, fanfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.<br>6. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina suífidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhall ná na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.<br>7. Cinnfidh an Chomhairle coinníollacha fostaíochta Uachtarán agus chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus go háirithe a dtuarastail, a slánaíochtaí agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith aon slánaíocht is intugtha in ionad luach saothair.<br>8. Na forálacha den Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Breithiúna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, beidh siad infheidhme freisin ar chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí. |
| **Airteagal 287**:<br>1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Aontais. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta, gach oifige nó gach gníomhaireachta arna bhunú nó arna bunú ag an Aontas a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.<br>Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo agus foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfar an ráiteas sin a fhorlíonadh le measúnú sonrach ar gach mór-réimse de ghníomhaíocht an Aontais. |

2. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile agus ar tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta, agus an ndearnadh bainistíocht fhónta ar an airgeadas. Lena linn sin, déanfaidh sí tuarascáil ach go háirithe ar aon chásanna neamhrialtachta.

Iniúchfar an t-ioncam ar bhonn na suimeanna is dlite arna suíomh agus ar bhonn na suimeanna arna n-íoc iarbhír leis an Aontas.

Iniúchfar an caiteachas ar bhonn ceangaltas arna nglacadh ar láimh agus íocaíochtaí arna ndéanamh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bhliain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá, déanfar ar an bhfód í in institiúidí eile an Aontais, in áitreabh aon chomhlachta, aon oifige nó aon ghníomhaireachta a dhéanann bainistíocht ar ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais agus sna Ballstáit, lena n-áirítear áitreabh aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann le comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniúla. Comhoibreoidh an Chúirt Iniúchóirí agus comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta na mBallstát de mheon muiníne ach gan a neamhspleáchas a thréigean. Cuirfidh na comhlachtaí, na hoifigí, na gníomhaireachtaí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhfuil siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

Déanfaidh institiúidí eile an Aontais, aon chomhlachtaí, aon oifigí nó aon ghníomhaireachtaí a dhéanann bainistíocht ar ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad agus na comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, na ranna náisiúnta inniúla, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlíonadh a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di.

I ndáil le gníomhaíocht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta le linn bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas agus ioncam an Aontais, beidh cearta rochtana na Cúirte ar fhaisnéis arna sealbhú ag an mBanc faoi rialú ag comhaontú idir an Chúirt, an Banc agus an Coimisiún. Cheal comhaontú, beidh rochtain ag an gCúirt áfach ar an bhfaisnéis is gá chun caiteachas agus ioncam de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht an Bhainc a iniúchadh.

4. Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Aontais í agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacha, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thíolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Aontais.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí. Ar a shon sin, féadfaidh sí seomraí inmheánacha a bhunú chun aicmí áirithe tuarascálacha nó tuairimí a ghlacadh faoi na coinníollacha atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngníomh.

Glacfaidh an Chúirt Iniúchóirí a rialacha nós imeachta. Is gá formheas ón gComhairle a bheith leis na rialacha sin.

**Airteagal 322:**

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Iniúchóirí, trí bhíthin rialachán:

(a) na rialacha airgeadais lena sonrófar go háirithe an gnáthnós imeachta chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;

(b) na rialacha ina bhforálfar do sheiceálacha ar an bhfreagracht atá ar oibreoirí airgeadais, agus go háirithe ar oifigigh um údarú agus ar oifigigh cuntais.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Iniúchóirí, na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaobh acmhainní dílse an Aontais féin le cur ar fáil don Choimisiún agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur i bhfeidhm, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais.

**Airteagal 325:**

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Iniúchóirí, na bearta is gá maidir le calaois a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac d'fhonn cosaint éifeachtúil choibhéiseach a thabhairt sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais.

**Airteagal 336:**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí bhíthin rialachán i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile i dtrácht, Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais a leagan síos.

## Dlí tánaisteach an Aontais Eorpaigh

**Airteagal 92 de** Rialachán (AE) Uimh. 806/2014[9]:

An Chúirt Iniúchóirí

1. [Táirgfidh] an Chúirt Iniúchóirí tuarascáil speisialta do gach tréimhse 12 mhí, ag tosú an 1 Aibreán gach bliain.

2. Déanfaidh gach tuarascáil scrúdú:

(a) cibé ar tugadh nó nár tugadh dóthain airde ar úsáid an Chiste ó thaobh [na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta] de, go háirithe an gá le húsáid an Chiste a íoslaghdú;

(b) cibé an raibh nó nach raibh an measúnú a rinneadh ar an gcabhair ón gCiste éifeachtach agus beacht.

3. Déanfar gach tuarascáil faoi mhír 1 a chur i láthair laistigh de shé mhí ó dheireadh na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil.

4. I ndiaidh bhreithniúchán na gcuntas críochnaitheach arna n-ullmhú ag an mBord i gcomhréir le hAirteagal 63, ullmhóidh an Chúirt Iniúchóirí tuarascáil faoina [fionnachta] faoin 1 Nollaig den bhliain airgeadais dar gcionn. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí, go háirithe, tuairisciú faoi aon [dliteanais theagmhasacha] (cibé acu don Bhord, don Chomhairle, don Choimisiún nó do chomhlacht eile) a eascróidh as feidhmiú a gcúraimí faoin Rialachán seo don Bhord, don Chomhairle agus don Choimisiún.

5. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iarraidh ar an gCúirt Iniúchóirí aon ábhair ábhartha eile a thagann faoina n-inniúlacht a leagtar amach in Airteagal 287(4) CFAE a scrúdú.

6. Seolfar na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 4 chuig an mBord, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus poibleofar iad gan mhoill.

7. Laistigh de dhá mhí ón dáta a bpoibleofar gach tuarascáil faoi mhír 1 tabharfaidh an Coimisiún freagairt mhionsonraithe i scríbhinn a phoibleofar.

Laistigh de dhá mhí ón dáta a bpoibleofar gach tuarascáil faoi mhír 4 tabharfaidh an Bord, an Chomhairle agus an

Coimisiún faoi seach freagairt mhionsonraithe i scríbhinn a phoibleofar.

8. Beidh an chumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí aon fhaisnéis ábhartha a fháil ón mBord, ón gComhairle agus ón gCoimisiún chun na cúraimí a thugtar di leis an Airteagal seo a fheidhmiú. Soláthróidh an Bord, an Chomhairle agus an Coimisiún aon fhaisnéis ábhartha laistigh de chreat ama den sórt sin faoi mar a [fhéadfaidh] an Chúirt Iniúchóirí a shonrú.

**Airteagal 57** de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[10] (**an Rialachán Airgeadais**):

Faisnéis faoi aistrithe sonraí pearsanta chun críocha iniúchóireachta

I ndáil le haon ghlao a dhéantar maidir le deontais, soláthar nó duaiseanna a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, cuirfear tairbhithe féideartha, iarrthóirí, tairgeoirí agus rannpháirtithe ar an eolas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 go bhféadfar a sonraí pearsanta a chur chuig na seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha, chuig an gCúirt Iniúchóirí, nó chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ó oifigeach údarúcháin de chuid an Choimisiúin go chéile, agus chuig na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69 den Rialachán seo agus do na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán seo.

**Airteagal 63(2)(d)** den Rialachán Airgeadais:

Bainistíocht roinnte leis na Ballstáit

2. Le linn dóibh cúraimí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a fheidhmiú, glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá, lena n-áirítear bearta reachtacha, rialála agus riaracháin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, eadhon:

---

[9] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

[10] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 (**an Rialachán Airgeadais**) maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

| |
|---|
| (d) trí chomhar a dhéanamh, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na rialacha earnáilsonracha, leis an gCoimisiún, le OLAF, leis an gCúirt Iniúchóirí agus, i gcás na mBallstát sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) freisin, tar éis a bunaithe. |
| **Airteagal 257** den Rialachán Airgeadais:<br>Ceart rochtana na Cúirte Iniúchóirí<br>1. Déanfaidh institiúidí de chuid an Aontais, na comhlachtaí a riarann ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais agus faighteoirí deiridh íocaíochtaí ón mbuiséad, na saoráidí uile agus an fhaisnéis uile a chur ar fáil don Chúirt Iniúchóirí a mheasann an Chúirt is gá chun a cúram a chur i gcrích. Arna iarraidh sin don Chúirt Iniúchóirí, cuirfidh siad ar fáil di gach doiciméad a bhaineann le dámhachtain agus feidhmíocht conarthaí arna maoiniú ag an mbuiséad agus gach cuntas airgid thirim nó cuntas ábhair, gach taifead cuntasaíochta nó doiciméad tacaíochta, agus gach doiciméad riaracháin lena mbaineann, gach doiciméad a bhaineann le hioncam agus le caiteachas, gach fardal, cairteanna eagraíochtúla uile na ranna, a mheasann an Chúirt Iniúchóirí is gá chun iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla agus ar na tuarascálacha cur chun feidhme buiséid ar bhonn na dtaifead nó iniúchóireacht ar an láthair agus, chun na críocha céanna, na doiciméid agus na sonraí uile arna gcruthú nó arna stóráil go leictreonach. Áireofar le ceart rochtana na Cúirte Iniúchóirí rochtain ar an gcóras TF a úsáidtear chun ioncam nó caiteachas a bhainistiú faoi réir a iniúchta, i gcás ina bhfuil an rochtain sin ábhartha don iniúchadh.<br>Cuirfidh na comhlachtaí iniúchóireachta inmheánaí agus seirbhísí eile na rialtas náisiúnta lena mbaineann ar fáil don Chúirt Iniúchóirí gach saoráid a mheasann sí is gá chun a cúram a chur i gcrích.<br>2. Déanfaidh oifigigh a ndéanann an Chúirt Iniúchóirí seiceáil ar a gcuid oibríochtaí an méid seo a leanas:<br>(a) a dtaifid ar airgead tirim ar láimh, nó ar aon airgead tirim eile, aon urrúis eile agus aon ábhair eile de chineál ar bith, agus na doiciméid tacaíochta maidir lena maoirseacht ar na cistí atá de chúram orthu, agus aon leabhar, aon chlár nó aon doiciméad eile a bhaineann leo a nochtadh;<br>(b) an comhfhreagras agus doiciméid ar bith eile a theastaíonn i gcomhair chur chun feidhme iomlán na hiniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 255 a thíolacadh.<br>Ní fhéadfaidh ach an Chúirt Iniúchóirí an fhaisnéis arna soláthar faoi phointe (b) den chéad fhomhír a iarraidh.<br>3. Beidh sé de chumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchóireacht a dhéanamh ar na doiciméid maidir le hioncam agus le caiteachas an Aontais atá i seilbh ranna institiúidí de chuid an Aontais agus, go háirithe, atá i seilbh na ranna atá freagrach as cinntí maidir leis an ioncam agus an caiteachas sin, atá i seilbh na gcomhlachtaí a riarann ioncam agus caiteachas thar ceann an Aontais, agus atá i seilbh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad.<br>4. Áireofar mar chuid den chúram a bhaineann le háirithiú go bhfuarthas an t-ioncam agus gur tabhaíodh an caiteachas ar bhealach dleathach agus cuí agus go raibh an bhainistíocht airgeadais fónta, an fheidhm a bhain comhlachtaí lasmuigh d'institiúidí de chuid an Aontais as cistí de chuid an Aontais a fuarthas trí ranníocaíocht.<br>5. Maoiniú an Aontais a íocfar le faighteoirí lasmuigh d'institiúidí de chuid an Aontais, beidh sé faoi réir chomhaontaithe i scríbhinn ó na faighteoirí sin nó, in éagmais comhaontú óna dtaobhsan, ó na conraitheoirí nó ó na fochonraitheoirí, agus beidh an maoiniú sin faoi réir iniúchóireachta ag an gCúirt Iniúchóirí maidir leis an úsáid a baineadh as an maoiniú a deonaíodh.<br>6. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon fhaisnéis faoi oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt.<br>7. Ní bheidh sé de thoradh ar úsáid córas comhtháite ríomhaireachta go laghdófaí rochtain na Cúirte Iniúchóirí ar dhoiciméid tacaíochta. Tabharfar rochtain leictreonach don Chúirt Iniúchóirí, ina háitreabh féin agus i gcomhréir leis na rialacha ábhartha slándála, ar shonraí agus ar dhoiciméid atá riachtanach chun an t-iniúchadh a dhéanamh, nuair is féidir sin a dhéanamh go teicniúil. |